


# CESE mar chuid den chreat idirinstitiúideach

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

# CESE mar chuid den chreat idirinstitiúideach

> ‘Beidh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta (…) a fheidhmeoidh feidhmeanna comhairliúcháin de chúnamh ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún.’

*Airteagal 13, an Conradh ar an Aontas Eorpach*




Glacann an Coiste thart ar 190 tuairim sa bhliain maidir le réimse leathan ábhar.

Cuid lárnach d’fhorbairt dhaonlathach an Aontais Eorpaigh is ea an comhdhearcadh a bhaint amach ó thaobh na gcinntí agus na reachtaíochta de. Fágann sé sin **gur ríthábhachtach an ról atá ag CESE**, ós rud é go gcuireann sé le **dlisteanacht dhaonlathach** agus **éifeachtacht** an Aontais trína **chur ar chumas eagraíochtaí na sochaí sibhialta a gcuid barúlacha a chur in iúl ar an leibhéal Eorpach**. Cabhraíonn an Coiste leis na beartais agus an reachtaíocht Eorpach a chur i bhfeiliúint níos fearr do na cúinsí atá ann ar an láthair ó thaobh an gheilleagair, na sochaí agus na saoránachta de, trí bhíthin an chúnaimh a thugann sé do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún Eorpach.

# Mar a ghlactar na cinntí Eorpacha?

**Is faoin gCoimisiún Eorpach atá sé píosa reachtaíochta Eorpaí a mholadh agus is faoi Chomhairle an Aontais Eorpaigh (na Ballstáit) agus Parlaimint na hEorpa atá sé an reachtaíocht sin a fhormheas sula ndéantar dlí di.**

An **gnáthnós imeachta reachtach** a thugtar ar an nós imeachta is mó a leantar chun treoracha agus rialacháin a ghlacadh. Togra reachtach ón gCoimisiún a chuireann tús leis an nós imeachta. Ina dhiaidh sin, déanann an dá chomhreachtóir, mar atá an Chomhairle agus an Pharlaimint, buanna an togra a phlé agus leasuithe a dhéanamh air más mian leo. Ag an bpointe sin, caithfear téacs coiteann a chomhaontú ós ionann na cearta agus na dualgais a bhaineann leis an dá institiúid. Ní féidir le ceachtar acu reachtaíocht a ghlacadh d'uireasa a chéile agus ní mór an téacs a fhormheasann comhreachtóir amháin a bheith go hiomlán mar an gcéanna leis an téacs a fhormheasann an comhreachtóir eile.

Déantar an-iarracht sa tuairim ó CESE seasamh maith comhthoiliúil a aimsiú idir na grúpaí sainleasa éagsúla lena mbaineann, tríd an tionchar agus na deiseanna arbh ann dóibh de thoradh na reachtaíochta Eorpaí atá beartaithe a mheas.

**TOGRA ÓN gCOIMISIÚN EORPACH**

**CESE**

- Rapóirtéir agus grúpa staidéir a cheapadh
- Díospóireacht sa rannóg agus vótáil
- Díospóireacht sa tionól iomlánach agus vótáil

**An Coimisiún Eorpach**

**Parlaimint na hEorpa** (roimh an gcéad léamh)

**Comhairle an Aontais**

**An chéad léamh → An dara léamh → An tríú léamh**

### An chéad léamh

**Parlaimint na hEorpa**

- Rapóirtéir agus scáthrapóirtéir a cheapadh ag an gcoiste
- Díospóireacht sa choiste agus vótáil
- Díospóireacht sa tionól iomlánach agus vótáil

**Comhairle an Aontais**

- Meitheal
- COREPER
- Vótáil sa Chomhairle

### An dara léamh

**An Coimisiún Eorpach**

- Teachtaireacht maidir leis na seasaimh ar an gcéad léamh

**Parlaimint na hEorpa**

- An nós imeachta céanna leis an gcéad léamh, a bheag nó a mhór
- Buntéacs = seasamh na Comhairle

**Comhairle an Aontais**

- An nós imeachta céanna leis an gcéad léamh, a bheag nó a mhór

### An tríú léamh

**An Coiste Idir-réitigh**

- 6 seachtaine le teacht ar chomhaontú
- Ionadaithe de chuid na Comhairle
- Feisirí de Pharlaimint na hEorpa
- Déantar vótáil sa Pharlaimint agus sa Chomhairle ar chinneadh an Choiste
- Ar uireasa cinnidh nó má dhiúltaítear don téacs
- Deireadh an phróisis

Is ag an gcéad léamh a comhaontaíodh os cionn 80 % den reachtaíocht a bhí ann ó 2009.

# Mar a chuireann CESE leis an bpróiseas

**D'fhonn tuairim a eisiúint**, ceapann CESE rapóirtéir as measc na gcomhaltaí atá aige. Mar chuid de réamhobair na tuairime, buaileann an rapóirtéir (dá dtugann saineolaithe agus foireann CESE tacaíocht) le foireann an Choimisiúin ar a bhfuil cúram an togra reachtaigh agus le rapóirtéir Pharlaimint na hEorpa. A luaithe a ghlactar leis an dréacht deiridh i dTionól Iomlánach CESE, **an tuairim oifigiúil** atá ann. Seoltar í ina dhiaidh sin chuig Parlaimint na hEorpa **roimh an gcéad léamh**. Ní hannamh a iarrtar ar rapóirtéir CESE an tuairim a chur i láthair ag cruinniú de choiste na Parlaiminte. Tá an-tábhacht leis an líonrú idirinstitiúideach sin a dhéanann an rapóirtéir, mar cuireann sé a oiread agus is féidir leis an tionchar a imríonn an tuairim.

**Seo a leanas an dá phríomhbhealach a chuireann an Coiste a chuid barúlacha in iúl:**

1. tá sé leagtha síos sna Conarthaí **gur gá dul i gcomhairle** le CESE maidir leis na saincheisteanna a leanas (**tarchur éigeantach**): an beartas talmhaíochta; saorghluaiseacht na ndaoine agus na seirbhísí; an t-iompar; comhchuibhiú an chánachais indírigh; comhfhogasú na ndlíthe maidir leis an margadh inmheánach; an fhostaíocht; an beartas sóisialta; an t-oideachas, an ghairmoiliúint agus an óige; an tsláinte phoiblí; cosaint an tomhaltóra; gréasáin tras-Eorpacha; an beartas tionsclaíoch; an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach; an taighde, an fhorbairt theicneolaíoch agus an spás; an comhshaol;

2. mar atá leagtha síos in Airteagal 304 CFAE, féadann na hinstitiúidí dul i gcomhairle leis an gCoiste am ar bith is dóigh leo gurb iomchuí déanamh amhlaidh (trí bhíthin '**tústuairimí**' agus '**tarchur roghnach**').

Féadann an Coiste tuairimí a eisiúint ar a chonlán féin freisin, nuair a mheasann sé gurb iomchuí déanamh amhlaidh ('**tuairim féintionscnaimh**').





Déantar na tuairimí féintionscnaimh agus na tústuairimí a tharraingt suas sula mbíonn an togra dréachtaithe ag an gCoimisiún, fiú, rud a chuireann ar chumas na gcodanna éagsúla den tsochaí shibhialta eagraithe a ndéantar ionadaíocht dóibh in CESE a chur in iúl a bhfuil geallsealbhóirí an phobail ag súil leis, mar aon leis na hábhair imní agus na riachtanais atá acu.

# Líonra idirinstitiúideach

Mar gheall ar **an teagmháil agus an malartú** síoraí, ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, a bhíonn ar bun ag CESE **leis na hinstitiúidí Eorpacha eile**, mar aon le **líon ollmhór eagraíochtaí** a ghníomhaíonn ar son réimse leathan cúiseanna sa Bhruiséil agus i mBallstáit uile an Aontais, is iontach an líonra atá ag an gCoiste trínar féidir leis **na barúlacha a chuirtear chun cinn ina chuid tuairimí a chur i gcion ar lucht déanta cinntí an Aontais**.

Is amhlaidh atá, go pointe áirithe, a bhuí leis na comhaontuithe comhair leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste Eorpach na Réigiún, de bhreis ar an dlúthchaidreamh atá aige leis an gComhairle. Fágann an méid sin go ndéanann **ionadaithe an Choiste páirt a ghlacadh i gcruinnithe ar an leibhéal is airde**, leithéidí Chomhdháil Chathaoirligh na gCoistí sa Pharlaimint, agus faigheann sé iarrataí ar thuairimí ón uachtaránacht rothlach ar an gComhairle.

Lena chois sin, sampla ríthábhachtach amháin den idirphlé struchtúrtha a dhéantar idir CESE agus an Coimisiún Eorpach is ea **an méid a chuireann CESE go bliantúil le Clár Oibre an Choimisiúin Eorpaigh**.



Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Rue Belliard/Belliardstraat 99
1040 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Oifigeach na Foilsitheoireachta: An tAonad Cuairteanna agus Foilseachán
EESC-2022-23-GA

**www.eesc.europa.eu**

© An tAontas Eorpach, 2024
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

Chun na grianghraif/léaráidí a úsáid nó a atáirgeadh,
ní mór cead a iarraidh ar úinéir(í) an chóipchirt féin: © Shutterstock.com

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

*Print:*
QE-01-20-364-GA-C
ISBN 978-92-830-5588-4
doi:10.2864/929046

*PDF:*
QE-01-20-364-GA-N
ISBN 978-92-830-5565-5
doi:10.2864/589461

GA